# An tIniúchadh Eolaíochta sa tSochaí a Chur i gCrích

Thar thréimhse thrí seachtaine, tabharfaidh scoláirí faoi thrí ghníomhaíocht a chuireann le tógáil na fianaise ar a gcuid foghlama agus gnóthachtála san Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí (IES):

A. Tús a chur le taighde
B. Torthaí a chur in iúl
C. Faisnéis a mheas le freagairt don cheist taighde roghnaithe

Ní mór do scoláirí obair a dhéanamh *ina n-aonar* chun an t-imscrúdú seo a dhéanamh ach ba chóir iad a spreagadh chun plé a dhéanamh i ngrúpaí beaga, ar ghnéithe éagsúla den imscrúdú acu.

## A. Taighde a thosú

### 1. An topaic a roghnú

Éilíonn an IES go ndéanfadh scoláirí iniúchadh ar thopaic nó ar cheist eolaíochta agus ar a tionchar (dearfach nó diúltach) ar an tsochaí agus/nó ar an timpeallacht. Is féidir leis an topaic roghnaithe a bheith bainte go díreach le sain-inneachar cúrsa nó is féidir le scoláirí cinneadh a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar cheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil léi, ar an gcuntar go mbíonn baint aici leis na réimsí a bhfuil breac-chuntas orthu thíos. Is tábhachtach an rud é gur féidir taighde a dhéanamh ar an ábhar a roghnaítear, go bhfuil bonn fónta tuiscint eolaíochta agus smaointe eolaíochta léi, agus gur féidir ceist a dhéanamh aisti. Ina lán IESanna is féidir go mbeadh dhá dhearcadh nó níos mó ar an topaic nó ar an gceist, agus ba chóir scoláirí a spreagadh chun níos mó ná dearcadh amháin a chur san áireamh. Ba chóir go mbainfeadh na topaicí roghnaithe leis na réimsí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Feidhm eolaíochta theicniúil | Feidhm eolaíochta a mbíonn éifeacht aige ar shláinte an duine |
| Feidhm eolaíochta a mbíonn éifeacht aige ar an gcomhshaol | Feidhm eolaíochta a mbíonn éifeacht aige ar an tsochaí |

### 2. An tsaincheist taighde a roghnú

Ba chóir taighde a dhíriú ar fhreagra ar shaincheist taighde atá sainmhínithe go soiléir. Chun cabhrú le scoláirí a gceist taighde a fhorbairt, d’fhéadfaidís:

- Cinneadh cad é is mian leo a bheith ar eolas acu faoin topaic
- An rud is mian leo a bheith ar eolas acu a thiontú ina cheist
- Seiceáil lena chinntiú gur féidir an cheist a fhreagairt – nach bhfuil sí róleathan ná rochúng.
- Faisnéis taighde a bhailiú agus a thaifead

## B. Torthaí a chur in iúl

- Sonraí/faisnéis a bhailiú ón idirlíon, nuachtáin, iriseáin/irisleabhair eolaíochta, suirbhéanna, iniúchadh, srl.
- Faisnéis a roghnú (m.sh. téacs scríofa, taifead fuaime/físe, nótaí agallaimh, cairteacha, táblaí, freagraí suirbhéanna, breithnithe, léaráidí) atá ábhartha chun teacht ar fhreagra ar an gceist taighde shonraithe
- Foinse gach píosa eolais a thaifead chun a iontaofacht agus a cáilíocht a mheas (ábharthacht, cruinneas agus laofacht) agus chun a chinntiú gur féidir leo tagairt a dhéanamh do na foinsí faisnéise ina dtuairisc
- An topaic a shuíomh mar eolaíocht sa tsochaí agus tionchar na topaice ar an tsochaí agus/nó ar an gcomhshaol, agus/nó a tábhacht phearsanta nó áitiúil, a phlé
- Míniú a thabhairt, ina gcuid focail féin, ar fhaisnéis agus ar smaointe eolaíochta a bhaineann lena dtopaic
- Míniú a thabhairt ina gcuid focail féin ar dhearcthaí agus ar thaobhanna éagsúla na hargóna

Ní cóir eolas a thógáil focal ar fhocal ó fhoinsí; is den tábhacht é go bhféadfadh scoláirí an fhaisnéis a mhíniú in a gcuid focail féin chun a léiriú cén tuiscint phearsanta atá acu den eolas agus de na smaointe a bhaineann leis an ábhar a roghnaigh siad.

## C. An fhaisnéis a mheas chun freagairt don cheist taighde a roghnaíodh

Cabhraíonn na céimeanna seo a leanas le scoláirí tuairim phearsanta a bheith acu is féidir a chosaint ar bhunús an eolais roghnaithe:

- Seiceáil cé na foinsí a aontaíonn/easaontaíonn lena chéile
- An fhaisnéis a mheas de réir dearcthaí éagsúla
- Breithiúnais a thabhairt ar an gcaoi a dtacaíonn, nó nach dtacaíonn, an fhaisnéis le freagra ar leith ar an gceist taighde.

Ní mór do scoláirí obair a dhéanamh ***ina n-aonar*** chun an tuairisc a chur le chéile dá n-imscrúdú. Tuairisceoidh scoláirí a dtaighde agus a dtorthaí ina rogha féin formáide. Más tuairisc lámhscríofa nó chlóscríofa an fhormáid a roghnaíonn siad, de ghnáth bheadh an tuairisc iomlán sa réimse tuairim ar 650-800 (gan liosta tagartha ná nótaí taighde a chur san áireamh), ach níor chóir breathnú air sin mar riachtanas docht ach oiread.

Agus iad ag pleanáil ábhar a dtuairisce, ba chóir go mbeadh cur amach ag scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun an leibhéal gnóthachtála a mheas a bhronnfar ar a gcuid oibre.